

COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ
BUAICPHOINTÍ
2019-2024



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council





Ó Mhéara Chontae Chorcaí & an Príomhfheidhmeannach

Bhí go leor dúshlán roimh Chomhairle Contae Chorcaí ó 2019. Ó atheagrú ár dteorainn riaracháin go dtí tionchair phaindéim dhomhanda Covid-19, an choimhlint san Úcráin, agus stoirmeacha, tá tástáil déanta ar ár n-athléimneacht mar údarás áitiúil agus mar chontae. In ainneoin na ndúshlán seo, tá Comhairle Contae Chorcaí tar éis oiriúnú, nuálaíocht agus comhoibriú a dhéanamh chun dul i ngleic le castachtaí an domhain atá ag athrú go tapa.

Bhí tús na paindéime Covid-19 gan fasach, ach léirigh sé láidreacht agus dlúthpháirtíocht iontach ár bpobail. Le chéile, chuireamar acmhainní i bhfeidhm, chuireamar bearta sábháilteachta i bhfeidhm, thugamar tacaíocht do ghnóilachtaí agus thacaíomar lena chéile. Bhí Comhairle Contae Chorcaí ar thús cadhnaíochta san iarracht freagartha, ag cinntiú go raibh leas ár gcónaitheoirí ina tosaíocht.

Bhí tionchar millteach stoirmeacha ag ár gcontae freisin, ag tástáil ár mbonneagar agus ár n-athléimneacht. Mar sin féin, trí phleanáil dhícheallach agus trí ghníomhartha tapaigh, d'oibríomar go dian dícheallach chun na tionchair a mhaolú agus chun sábháilteacht agus folláine ár gcónaitheoirí a chinntiú.

I measc na ndúshlán seo, d'fhan Comhairle Contae Chorcaí go daingean ina tiomantas do ghníomhaíocht aeráide agus inbhuanaitheacht, ag seoladh an chéad Phlean Gníomhaíochta Aeráide 2024 -2029 de chuid na Comhairle Dé Céadaoin 28 Feabhra 2024. Ó infheistíocht a dhéanamh i nglasbhealaí go tionscnaimh fhuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus ár stoc tithíochta a iarfheistiú, táimid ag glacadh céimeanna ceannasach i dtreo todhchaí níos athléimní agus níos comhfhiosaí don chomhshaol a thógáil do na glúnta atá le teacht.

Bhí go leor rudaí dearfacha le ceiliúradh lena n-áirítear oscailt Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha, athoscailt Dhún Uí Mheachair agus seoladh an aip thurasóireachta 'Explore Cork'. I mbliana déanaimid comóradh 125 bliain ar Chomhairle Contae Chorcaí ag tabhairt ómóis dár stair shaibhir seirbhíse agus cheannaireachta.

Leanfaidh Comhairle Contae Chorcaí ag freastal ar shaoránaigh Chontae Chorcaí agus cinnteoidimid go gcuirfear seirbhísí áitiúla ar fáil san áit a bhfuil gá leo. Tá súil againn go dtabharfaidh an foilseachán seo léargas duit ar a bhfuil bainte amach le cúig bliana anuas agus léargas ar thodhchaí spreagúil Chontae Chorcaí.



Frank O'Flynn,
Méara Chontae Chorcaí.



Valerie O'Sullivan,
Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Chontae Chorcaí



€3.2 Billiún Infheistithe ar fud Chorcaí ó 2019-2024

Is í Comhairle Contae Chorcaí an dara hÚdarás Áitiúil is mó i bPoblacht na hÉireann, agus an ceann is mó bunaithe ar mhéid an limistéir gheografaigh. Tá **360,000 duine** sa chontae.

COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ



Tá ballraíocht ainmnithe de 55 Comhairleoir ag Comhairle Contae Chorcaí a thoghtar ar an gComhairle gach cúig bliana. Is é príomhchuspóir na gComhaltaí Tofa ná beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don raon seirbhísí a sheachadtar.

Cad a dhéanann Do Chomhairle?

Soláthraíonn an Chomhairle raon leathan, éagsúil de sheirbhísí lena n-áirítear:

- Ealaíona & Oidhreacht
- Forbairt Pobail
- Seirbhísí Comhshaoil
- Forbairt Eacnamaíoch
- Seirbhísí Dóiteáin & Rialú Foirgníochta
- Glasbhealaí
- Tithíocht
- Leabharlanna
- Gardaí Tarrthála
- Mótarcháin
- Ceantair Bhardasacha
- Páirceanna agus Áiseanna Lasmuigh
- Pleanáil
- Clár na dTogthóirí
- Bóithre & Iompar
- Oideachas Sábháilteachta
- Turasoireacht
- Seirbhísí Uisce, Tionscadail Chósta & Tuilte



Cuirtear seirbhísí túslíne ar fáil thar ocht gCeantar Bardasach, agus tá siad deartha chun leasa gnóilachtaí, cónaitheoirí agus cuairteoirí araon. Tabhair cuairt ar www.corkcoco.ie chun tuilleadh eolais a fháil.



Deontais Ghnó le linn na Paindéime

€34m

Bhí tionchar láithreach agus buan ag Covid-19 ar ghnólachtaí de gach méid agus earnáil ar fud Chontae Chorcaí. D'fhéadadh gnólachtaí a bhí ag oibriú ó áitribh a raibh rátáil tráchtála orthu leas a bhaint as ciste na Scéime Cúnaimh do Ghnóthais Bheaga le haghaidh Covid (SBASC) a chabhraigh le costais sheasta tar éis tionchar na srianta. Bhí an deontas ann chun cabhrú le gnólachtaí fanacht ag feidhmiú le haghaidh athoscailt ar deireadh. Ba iad na Gnólachtaí incháilithe don scéim seo ná iad siúd nár cháiligh don Scéim Tacaíochta Srianta Covid (CRSS) a bhí á fheidhmiú ag na Coimisinéirí Ioncaim.

Scéim um Tharscaoileadh Rátáí

€34m

Bhain thart ar 9,000 gnó, a raibh tionchar ag an bpaindéim i gContae Chorcaí orthu, leas as an Scéim um Tharscaoileadh Rátáí in 2020.

Ciste Forbartha Eacnamaíochta

€3.8m

Tugadh an Ciste Forbartha Eacnamaíochta (EDF) isteach in 2010 chun forbairt eacnamaíoch agus deiseanna cruthú post a chur chun cinn i gContae Chorcaí. Maoiníodh 30 féile ealaíon ar fud an chontae gach bliain.

Tacaíocht Fiontraíochta 2019-2024

Cúnamh deontais: €13,682,000.

1,845 post cruthaithe



Cáin Mhaoine Áitiúil

€148m

Déantar an Cháin Mhaoine Áitiúil a bhailítear a athinfheistiú ar fud an chontae chun raon leathan tionscnamh a mhaoiniú lena n-áirítear:

- Cláir bhearradh chiumhaiseanna
- Oibreacha ar thithíocht shóisialta do dhaoine faoi mhíchumas
- Cláir ealaíon pobail
- Ciste forbartha bailte
- Cothabháil tithíochta
- Cothabháil cois bóthair
- Ciste feabhsaithe sráidbhailte
- Bealach isteach agus cur i láthair na mBailte



Seachadadh níos mó ná 400 aonad tithíochta sóisialta i gContae Chorcaí gach bliain ó 2019 ar an meán. Forbraíodh na tithe seo trí thógáil dhíreach ar thalamh na comhairle féin; scéimeanna lándéanta i gcomhpháirtíocht le forbróirí; Cuid V; agus oibriú le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta

Scéim Iasachta Atógáil Éireann agus Scéim Iasachta Tí

Údaráis Áitiúil – Tugadh an Scéim Iasachta Tí Údaráis Áitiúil isteach in 2022 chun teacht in ionad Scéim Iasachta Atógáil Éireann. Tá sé ar fáil do cheannaitheoirí céaduaire agus d'iaratasóirí tús úr chun réadmhaoin nua nó réadmhaoin athlámhe a cheannach nó le haghaidh féinthógála. Tugadh 322 iasacht idir 2019 agus 2023 thar an dá scéim.


Scéim Iocaíochta Cúnaimh Tithíochta – Tacaíocht tithíochta sóisialta do thionóntaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos.

Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh – Soláthraíonn an deontas seo suas le €50,000 chun tithe folmha a athchóiriú le breisiú breise suas le €20,000 le haghaidh réadmhaoiné tréigthe. Tá níos mó ná 500 iarratas curtha faoi bhráid Chomhairle Contae Chorcaí go dtí seo agus beidh €2.5 milliún caite dá bharr.

Deontais Eile – Deontas Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas; Deontas Áiseanna Soghluaiстеachta; agus Scéimeanna Deontais Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta – caiteachas bliantúil de níos mó ná €7 milliún.



Seachadadh Tithíochta



Athchóiriú agus Cothabháil

Rinne Comhairle Contae Chorcaí iarfheistíú iomlán ar suas le 200 dá háitribh féin gach bliain chun iad a thabhairt suas go dtí íosráta fuinnimh B2. Tá buiséad bliantúil de thart ar €8 milliún ag an gComhairle freisin chun tithe folmha a athchóiriú.



€30m caite ar iarfheistíú áitribh na Comhairle le haghaidh éifeachtúlacht fuinnimh



€25m caite ar chothabháil a dhéanamh ar stoc tithíochta Chomhairle Contae Chorcaí



Plean Forbartha Contae 2022-2028

Tháinig an Plean Forbartha Contae Chorcaí is déanaí i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2022. Is plean forbartha sé bliana don chontae é a leagann amach smaointeoireacht reatha Chomhairle Contae Chorcaí ar bheartas pleanála ag féachaint i dtreo 2028. Soláthraíonn sé fis inbhuanaithe agus creat beartais chun 22,611 teach a sheachadadh agus fás daonra de 59,000 duine. Is é an Plean Forbartha Contae 2022-2028 an chéad cheann de thrí Phlean Forbartha a sholáthroidh fás daonra 104,000 agus thart ar 70,000 post ar fud an chontae faoi 2040, de réir an Chreata Pleanála Náisiúnta.



TIONSCADAIL BHÓTHAR

Tá an gréasán bóithre is mó ag Comhairle Contae Chorcaí d'aon údarás áitiúil arb ionann é agus thart ar 12% de ghréasán bóithre an stáit. Tá 453km de Bhóithre Náisiúnta, 1,323km de Bhóithre Réigiúnacha agus 10,401km de Bhóithre Áitiúla, rud a dtugann 12,177km san iomlán.

Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta d'introchtaineacht réigiúnach a fheabhsú. Chun é sin a dhéanamh soláthraíodh tionscadail ríthábhachtach thar an tréimhse 5 bliana lena n-áirítear:

- Críoch a chur le Forbairt Bóthar an N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha.
- Críoch a chur le Scéim Uasghrádaithe Acomhal Dhún Citil.
- Síniú conradh €16m chun Mótárbhealach an M28 a thógáil chun Baile an Róistigh a nascú le Rinn an Scidigh.
- Oscailt Bóthar Faoisimh Iarthar Charraig Uí Leighin, €20m.
- Críochnú uasghrádú €4.7m ar Acomhal Bhaile Mhic Cuirc.
- Críochnú Bóthar Ceangail Cheann Toirc €1.95m.



Síniú conradh **€2.6m** don Ghlasbhealach ó Chorcaigh go Cionn tSáile Céim 1.

Críochnú rotharbhealaigh **470km EuroVelo 1** ó Eochail go Leithinis Bhéarra.

Oscailt Chéim 1 Glasbhealach Mainistir na Corann go Eochail.

Críochnaíodh tionscadail Bealaí Sábháilte chun na Scoile, atá deartha chun daltaí a spreagadh chun siúl, rotháiocht nó scútar a úsáid chuig agus ón scoil, in ocht n-ionad lena n-áirítear Droichead na Bandan, Béal Guala agus an Cóbh.

Críochnaíodh **24km de rotharbhealach** agus **dearadh 25km eile**.

Uasghrádaíodh 37 stad bus.

TAISTEAL INBHUANAITHE



2019-2024 PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Plean Gníomhaíochta Aeráide 2024-2029

Bainfidh Comhairle Contae Chorcaí úsáid as an bplean, a seoladh i mí Feabhra 2024, chun astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú, chun ról níos leithne a ghlacadh maidir le tionchar a imirt ar ghníomhaíochtaí aeráide na bpobal agus iad a chomhordú, agus chun tacú le gníomhaíocht aeráide ar fud an chontae.

Clár Gníomhaíochta Pobail ar son na hAeráide – €1.24m infheistithe sa chlár.

Seoladh Ciste an Gheilleagair Chiorclaigh – ag tacú le pobail bogadh ón ‘tóg-déan-úsáid-diúscartha’ traidisiúnta líneach agus i dtreo ‘geilleagar ciorclach’ ina ndéantar acmhainní a athchúrsáil/a athúsáid.



125



BLAIN
1899 - 2024



Scéimeanna Cosanta Tuilte

Críochnaíodh Scéimeanna Cosanta Tuilte an Sciobairín, Droichead na Bandan (OOP) agus Cloich na Coillte (OOP) ó 2019. Tá dul chun cinn déanta ar Scéimeanna Cosanta Tuilte i Mainistir na Corann agus i mBeantraí idir 2019 agus 2024 chomh maith.

Maoiniú le haghaidh Céanna & Cuanta

Tá €7.8m de mhaoiniú caipitil leithdháilte ar chéanna agus ar chuanta i gContae Chorcaí ó 2019. Áirítear leis seo ‘Scéim Choigeartú Brexit na nÚdarás Áitiúil um Bonneagair Mhuirí’ a úsáidtear chun ballaí farraige a thógáil, le haghaidh dreidireachta agus oibreacha ar chéanna, pontúin, agus fánáin.

Carr Cábla Cheann Baoi

Athosclaíodh Carr Cábla Cheann Baoi in 2023 tar éis tionscadal €1.6m chun struchtúir thúir, rianta agus rópaí teannta a athsholáthar. Is é an t-aon charr cábla san Eoraip é a thrasnaíonn uisce farraige oscailte.

Tránna Brataí Goirme

Tháinig méadú ar líon Gradaim na dTránna Brataí Gorma agus Gradaim Cósta Glas ó 2019. Bronnadh 28 bratach, an líon ab airde riamh, ar thránna i gContae Chorcaí in 2023.

Áis Áineasa Inis Sionnach - In 2021 osclaíodh Páirc an Phobail 22 acra i lár Chuan Chorcaí. Rinne Comhairle Contae Chorcaí feabhsúchán fairsing ar iarshuíomh na n-oibreacha cruach, rud a d’athraigh é ina thaitneamhacht phoiblí úsáideach le cosáin, cúrsa bogshodair, páirceanna imeartha agus áiteanna suí.

Leabharlanna

5 Osclaíodh 5 leabharlann nua, rinneadh uasghrádú/athchóiriú ar 4 leabharlann, agus sheol Comhairle Contae Chorcaí 3 leabharlann soghluaiste nua.

Le Paidéim Covid-19 tugadh isteach ríomh-eagráin mar chuid de sheirbhísí Leabharlainne na Comhairle, agus eisíodh 393,435 ríomhleabhar, closleabhar, ríomhíris, ríomhfhoghlaim agus ríomhchúrsaí teangan in 2020 amháin.

Tugadh isteach Mo Sheirbhís Leabharlainne Oscailte i nDroichead na Bandan agus i Mainistir Fhear Maí, agus leathnófar í go trí shuíomh nua in 2024. Leis seo tá uaireanta oscailte sínte ó 8.00rn go 10.00in gach lá den tseachtain le meascán d’uaireanta féinseirbhíse gan foireann agus le foireann



Turasóireacht

Seoladh an Aip thurasóireachta dhátheangach Explore Cork.

Chríochnaigh Comhairle Contae Chorcaí an clárchosán cladach is faide in Éirinn in Eochail.

Garda Tarrthála

Fostaítear iad ag 12 stáisiún
garda tarrthála Chorcaí i rith
shéasúr an tsamhraidh



Déantar cothabháil ar
90 clós súgartha
ar fud an chontae

29
29 brainse
leabharlainne





PAINDÉIM COVID-19

Iócadh €34m le gnólachtaí i bhfoirm deontas le linn na paidéime.

Seoladh Project ACT chun tacú le gnólachtaí agus le pobail a raibh tionchar ag an bpaidéim orthu. Bhain 23 baile Chorcaí ar fud na 8 gCeantar Bardasach leas as an tionscadal. Tugadh isteach feabhsuithe ar nós úsáid spáis lasmuigh, scairdníocháin, agus leathnú cosáin le haghaidh scaradh sóisialta.

An Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (LEADER)

Tacaíonn Clár LEADER le tionscadail áitiúla agus pobail thar raon leathan téamaí. Faoi dheireadh 2020, bhí 249 tionscadal ar luach €10.7m ceadaithe.

SICAP (Clár Gníomhachtaí Pobail um Chuimsiú Sóisialta)

Soláthraíonn an clár seo maoiniú chun dul i ngleic le bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta ag leibhéal áitiúil trí rannpháirtíocht áitiúil agus comhpháirtíochtaí idir daoine aonair faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí. Ag deireadh 2022, bhí €12,309,220 curtha ar fáil don chiste agus €13.9m leithdháilte ar an gclár do 2024-2028.

Gradam Grand Prix na Comhairle Pobail & Uile-Éireann

Bhuaigh Comhairle Contae Chorcaí Gradam Grand Prix ag Gradaim Phobail & Chomhairle Uile-Éireann 2023, as an méid tionscadail is mó a cuireadh ar an ngearrliosta agus a bhuaigh le chéile.

Tithe Sláintiúla Aoisbháúla

Ó 2021, tá breis agus 400 rannpháirtí sa chlár seo. Tar éis scéim phiólótach rathúil (2021-2023), tá sé mar aidhm ag an gclár teacht ar níos mó ná 600 rannpháirtí in aghaidh na bliana i gContae Chorcaí. Is é an sprioc ná tacú le daoine fásta scothaosta fanacht ina gcónaí ina dtithe/pobail féin.

Ciste Éire Shláintiúil

Tacaíonn sé seo le tionscnaimh a chuireann buntáistí na meabhairshláinte agus na folláine chun cinn. In 2021, sheol Comhairle Contae Chorcaí a Straitéis Chontae d'Éire Shláintiúil de réir Chreat Éire Shláintiúil. Níl sa 'Phacáiste Gníomhaíochta do Dhaoine scothaosta' agus a rannpháirtíocht le 'Feirmeoireacht Shóisialta' ach dhá cheann de na tionscnaimh a tháinig as Ciste Éire Shláintiúil Chomhairle Contae Chorcaí.



CEANTAIR BHARDASACHA

Bunaíodh 8 gCeantar Bardasach na Comhairle Contae Chorcaí in 2014 agus cuireann siad raon leathan seirbhís ar fáil ag an leibhéal áitiúil, mar Mhaoir Scoile, páirceáil, rialú bruscair, glanadh sráideanna, cothabháil reiligi agus clóis súgartha. Tá na Ceantair Bhardasacha freagrach freisin as seachadadh na dtionscadal maoinithe trí scéimeanna maoinithe náisiúnta mar an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.





Seirbhísí Éigeandála

Stáisiún dóiteáin nua tógtha i gCeann Toirc agus i Maigh Chromtha. Tá stáisiún dóiteáin nua á thógáil i gCloich na Coillte. Tá trí inneall dóiteáin nua lonnaithe anois i Mainistir Fhear Maí, sa Sciobairín agus i gCarraig Uí Leighin.

Dún Uí Mheachair

Críochnaíodh oibreacha athchóirithe, agus athosclaíodh Dún Uí Mheachair go hoifigiúil i mí Aibreáin 2024. Infheistíodh thart ar €480,000 sna hoibreacha athchóirithe.

Infheistíochtaí Buntábhachtacha in 2023

 <p>€3.3m infheistithe i nglanadh sráideanna agus bailiú bruscair ar thránna.</p>	 <p>€220,000 infheistithe i soláthar breise áise poiblí ar thránna agus i mbailte.</p>
 <p>€3.7m infheistithe i gcothabháil tránna, clóis súgartha, cosáin agus páirceanna.</p>	<p>€308,000 curtha ar fáil ag Éire Ildánach chun tacú leis an gclár Pobail Cruthaitheacha.</p>
<p>Infheistíodh €320,000 sa Scéim Feabhsaithe Sráid-dreacha (DRCD) inar roghnaíodh 6 bhaile: Droichead na Bandan, Baile Chaisleáin Bhéarra, An Ráth, Mainistir Fhear Maí, Maigh Chromtha, agus An Pasáiste.</p>	 <p>Infheistíodh €128,000 chun tacú leis na hEalaíona tríd an Scéim Deontais Ealaíon bliantúil.</p>
<p>Infheistíodh €100,000 i bhForbairt an Chéad Phlean Athghiniúna Lár Bailte ar dTús, áit a bhfuil an Sciobairín ar an gcéad bhaile i gCorcaigh a bhain leas as.</p>	





An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe
Rural Regeneration and Development Fund

CEANTAIR BHARDASACHA

An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe

Tá €31,330,504 leithdháilte ar Chomhairle Contae Chorcaí ó 2019 do bhailte le daonra níos lú ná 10,000 agus atá suite lasmuigh den Cheantar Uirbeach.

Tionscadail chun cinn/críochnaithe:

€4.8m infheistithe i Leabharlann Chionn tSáile

€903k infheistithe i mBaile Deasumhan.

€7.9m infheistithe i mBearna na Sceiche (le críochnú in 2024)

€9m infheistithe i Leabharlann Eochaille (céim dhearaidh mionsonraithe)

€17.5m infheistithe in Athghiniúint Dhroichead na Bandan & Comhfhorbairt áite



An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí

Ó 2019, tá €17m san iomlán leithdháilte ar Chomhairle Contae Chorcaí do thionscadail a fhaigheann tacaíocht ón URDF i Mala, Carraig Uí Leighin, An Pasáiste/Baile an Mhanaigh, Carraig Thuathail, Mainistir na Corann agus an Cóbh.

Tionscadail críochnaithe:

€6.4m i maoiniú URDF infheistithe i mBóthar Faoisimh €20m d' Iarthar Charraig Uí Leighin

€1.4m infheistithe i Lár Bhaile Mhala agus sna Fothionscadail

Fóram Freagartha Pobail na hÚcráine


In 2023 bhí 32 gníomhaireacht ar Fhóram Freagartha Pobail na hÚcráine agus 19 mol tacaíochta faoi stiúir Chomhairle Contae Chorcaí. D'fhreagair an fóram seo 344 glao agus 325 ríomhphost.

125




BLIAIN
1899 - 2024

Ceantair Bhardasacha



Toghcheantair Áitiúla 2024





CONTAE CHORCAÍ
AN ÁIT LE BHEITH I DO
CHÓNAÍ, AG OBAIR,
AG STAIDÉAR,
AGUS AG DÉANAMH
INFHEISTIÚ ANN

Find out more at www.corkcoco.ie
visit     or call 021 427 6891